Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9976/25**

**RECH 264**
**COMPET 501**
**IND 179**
**MI 364**
**EDUC 227**
**TELECOM 182**
**ENER 224**
**ENV 484**
**AGRI 257**
**TRANS 232**
**SAN 313**
**ATO 35**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 298 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha Teicneolaíche an Aontais Eorpaigh agus maidir leis an bhFaireachán ar an gclár Fís Eorpach in 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 298 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 298 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2025
COM(2025) 298 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha Teicneolaíche an Aontais Eorpaigh agus maidir leis an bhFaireachán ar an gclár Fís Eorpach in 2024**

## 1. Cúlra

Leis an tuarascáil seo, soláthraítear forbhreathnú ar phríomhghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) an Aontais Eorpaigh agus ar an bhfaireachán a rinne sé ar an gclár Fís Eorpach agus ar Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom in 2024.

Dréachtaíodh í i gcomhréir le hAirteagal 190 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagal 7 de Chonradh Euratom, i gcomhar le hAirteagal 50 de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht agus le hAirteagal 12 de Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

## 2. Comhthéacs polaitiúil agus forbairtí beartais

In 2024 rinneadh comóradh 40 bliain ar an gcéad chlár cistiúcháin T&N de chuid an Aontais agus deis a bhí ann machnamh a dhéanamh ar an méid a baineadh amach roimhe seo. Le daichead bliain anuas, tá tiomantas daingean léirithe ag an Aontas don dul chun cinn eolaíoch agus don fhás eacnamaíoch a chur chun cinn, agus chuir sé os cionn EUR 280 billiún i leataobh le haghaidh T&N. Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, tá níos mó ná 120 000 deontas ann a bhfuil thart ar 75 000 tairbhí páirteach iontu. Go háirithe, bhuaigh os cionn 30 príomhthaighdeoir a fuair cistiú ón Aontas Duaiseanna Nobel as a gcuid oibre.

Trí fhoghlaim ón méid a baineadh amach roimhe seo, agus forbairtí a rinneadh le déanaí amhail dúshláin slándála dhomhanda nó teacht chun cinn na hintleachta saorga (IS) á gcur san áireamh an tráth céanna, leanfaidh an tAontas dá láidreachtaí in T&N a úsáid chun buntáiste iomaíoch domhanda a dhaingniú.

### 2.1. Rathúnas inbhuanaithe, margadh aonair agus iomaíochas na hEorpa

I dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapa, is í an nuálaíocht príomhspreagthóir an rathúnais eacnamaíoch agus an iomaíochais. In 2024, i dtuarascálacha Letta agus Draghi cuireadh treochláir straitéiseacha ar fáil chun seasamh eacnamaíoch an Aontais a neartú.

I dtuarascáil Enrico Letta 'Margadh Thar an gCoitiantacht' moladh 'an cúigiú saoirse' – saorghluaiseacht eolais – chun taighde, nuálaíocht agus oideachas sa mhargadh aonair a fheabhsú. Sampla de dhul chun cinn ina leith sin in 2024 is ea go ndeachaigh an Rómáin isteach sa chóras paitinne aonadaí, rud a fhágann gur 18 gcomhalta atá anois ann.

Le Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa le Mario Draghi, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé T&N a leabú i gcroílár gheilleagar an Aontais chun fás inbhuanaithe a spreagadh. Dul chun cinn tábhachtach sa réimse sin in 2024 ba ea gur ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le hArdábhair do Cheannaireacht Thionsclaíoch, agus Conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin. Cuireadh T&N i dtábhacht mar bhealach chun seasamh ceannasach a bhaint amach sa réimse.

Bhí an t-iomaíochas ina fhócas lárnach de **Sheimeastar Eorpach** 2024, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt do sheasamh an Aontais atá tite ar gcúl maidir le hinfheistíochtaí

T&N i gcomparáid le mórgheilleagair eile agus an dúshlán leanúnach a bhaineann leis an sprioc 3 % OTI a bhaint amach. Bhí T&N le feiceáil go soiléir sna tuarascálacha tíre i gcás na mBallstát uile, agus fuair an tSeicia, an Fhrainc, an Chróit, an Liotuáin, Lucsamburg agus an tSlóivéin moltaí tírshonracha maidir le T&N.

Tá **an geilleagar ciorclach** ríthábhachtach chun tacú le hiomaíochas na hEorpa. In 2024, tháinig an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe i bhfeidhm agus bunaíodh Fóram Éicidhearthóireachta chun páirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara agus é á chur chun feidhme. Glacadh céimeanna tosaigh chun pas táirge digiteach an Rialacháin maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe a chur chun feidhme, agus bhí roinnt tionscadail T&N mar thaca leis sin.

## 2.2 Uathriail straitéiseach agus slándáil eacnamaíoch i réimse T&N

In 2024, d'oibrigh an Coimisiún ar chur chun feidhme Straitéis Slándála Eacnamaíche an Aontais. Treisíodh sin leis an Moladh ón gComhairle maidir le **slándáil taighde** a fheabhsú, ina gcuirtear i dtábhacht féinrialachas san earnáil agus bearta rialtais mar thaca leis sin. Chuir an Coimisiún tús freisin le hobair chun ardán díchill chuí a chur ar bun chun cuidiú le hollscoileanna agus eagraíochtaí taighde Eorpacha meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus deiseanna sa chomhar idirnáisiúnta. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún tús le measúnuithe riosca comhpháirteacha leis na Ballstáit ar cheithre réimse teicneolaíochta criticiúla: leathsheoltóirí ardfhorbartha, intleacht shaorga, teicneolaíocht chandamach agus bith-theicneolaíocht.

Mar chuid den **Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)**, le scéim CNE um Uas-scálú STEP, tairgeadh infheistíochtaí cothromais do ghnólachtaí nuathionscanta, do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga. Ba é d'aidhm dó sin nuálaíochtaí a mhéadú in earnálacha teicneolaíochta straitéisí amhail an earnáil dhigiteach, earnáil na teicneolaíochta doimhne, na teicneolaíochta glaine agus na bith-theicneolaíochta. Rinneadh EUR 6,3 billiún a athchlárú faoin mbeartas comhtháthaithe chun **teicneolaíochtaí criticiúla** agus tionscail chriticiúla a neartú.

Ghlac an Coimisiún páipéar bán freisin maidir le T&N a bhaineann le teicneolaíochtaí ag a bhfuil acmhainneacht **dé-úsáide**, agus sheol sé comhairliúchán poiblí.

Bhronn an Coimisiún conradh lamháltais chun córas satailíte nascachta sláine an Aontais, **IRIS²**, a fhorbairt. Leis sin dreasófar cur in úsáid na teicneolaíochta nuálaí agus neartófar uathriail straitéiseach an Aontais faoi 2030.

## 2.3. An t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach

In 2024, thíolaic an Coimisiún Teachtaireacht inar moladh **sprioc aeráide an Aontais do 2040**, inar moladh laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2040 i gcoibhneas le 1990. Ceann de na príomhchéimeanna atá beartaithe chun an sprioc sin a bhaint amach is ea claochlú tionsclaíoch arna spreagadh ag T&N. Bhí an Teachtaireacht maidir le Bainistiú Carbóin Thionsclaíoch ag gabháil leis an Teachtaireacht sin, agus caibidil T&N thiomnaithe inti.

Bhí comhpháirt T&N i gceist le roinnt tionscnaimh eile faoin g**Comhaontú Glas don Eoraip**: go sonrach, bhí torthaí na dtionscadal ina gcuidiú le tacú le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra agus na Físe Fadtéarmaí le haghaidh Cheantair

Thuaithe an Aontais. Thairis sin, leis an Teachtaireacht maidir leis an mBiteicneolaíocht agus leis an mBithmhonaraíocht sainaithníodh borradh a chur faoi T&N mar bhealach chun cinn, agus leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta deonaíodh stádas dlíthiúil don Phlean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh chun borradh a chur faoi mhonarú teicneolaíochta fuinnimh ghlain an Aontais. Glacadh freisin an Doiciméad Inmheánach Oibre 'I dtreo treochlár chun dlús a chur le cur chun feidhme Gleannta Hidrigine ar fud na hEorpa: dúshláin agus deiseanna', i gcomhréir leis an bPlean REPowerEU. Tar éis an togra ón gCoimisiún, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rialacháin maidir le hamhábhair chriticiúla agus leis an tionscal glan-nialasach.

In 2024 rinneadh dul chun cinn freisin maidir leis an **aistriú digiteach**, a bhfuil T&N ina phríomh-rannchuiditheoir leis. Mar shampla, leis an bpáipéar bán maidir le riachtanais bonneagair dhigitigh cuireadh i láthair cásanna féideartha chun a áirithiú go mbeidh an bonneagar digiteach úrscothach is gá ag an Aontas chun tacú leis an nuálaíocht. Leis an **Néal Oidhreachta Cultúrtha** nua, cuireadh ardán Eorpach ar fáil freisin do thaighdeoirí agus cleachtóirí chun dul i gcomhar i ndáil le T&N maidir leis an oidhreacht chultúrtha.

Ina theannta sin, ba bhuaic nua é 2024 sa luasghéarú tapa ar an dul chun cinn san **intleacht shaorga**, rud a spreagadh le dul chun cinn suntasach ar infhaighteacht fhorleathan sonraí, ríomhchumhacht agus meaisínfhoghlaim. Ba é b'aidhm do phacáiste nuálaíochta na hintleachta saorga tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna an Aontais intleacht shaorga iontaofa a fhorbairt agus bunaíodh an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga leis. Le tionscnamh GenAI4EU faoin bpacáiste seo, tacófar le réitigh intleachta saorga giniúnaí a fhorbairt. Ar deireadh, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte maidir le húsáid na hintleachta saorga giniúnaí sa taighde.

## 2.4. Comhpháirtíocht leis na Ballstáit

Ó mhí na Nollag ar aghaidh, baineadh amach 175 gharsprioc agus sprioc a bhaineann le T&N, agus sin as 710 ngarsprioc agus sprioc nach mór do na Ballstáit a bhaint amach chun na híocaíochtaí comhfhreagracha a fháil ón t**Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**. A mhéid a bhaineann le sineirgí leis an mbeartas comhtháthaithe, rinne Málta agus an Liotuáin aistrithe buiséid ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa chuig an gclár Fís Eorpach.

Thairis sin, rinneadh an plé déthaobhach idir an Coimisiún agus na Ballstáit a dhoimhniú trí **idirphlé feabhsaithe** leis an Eastóin, leis an nGearmáin agus leis an Ísiltír. Bhí cur chun úsáide treisithe na **Saoráide Tacaíochta Beartais** ina chuidiú ag na Ballstáit freisin chun a gcórais T&N a fheabhsú. Cuireadh tús le cleachtaí sonracha leis an mBulgáir, an tSeicia, an Fhionlainn agus an Úcráin, agus seoladh cleachtaí foghlama frithpháirtí maidir le hábhair amhail eolaíocht le haghaidh beartais, gairmeacha taighde agus intleacht shaorga don eolaíocht.

Seoladh Ardán Beartais **an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET)** lenar cumasaíodh faisnéis a chomhroinnt idir na Ballstáit, tíortha comhlachaithe, páirtithe leasmhara T&N agus an Coimisiún. Ina theannta sin, leis an Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme LET rinneadh measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh ó Theachtaireacht LET 2020 agus ón gcéad chlár oibre beartais de chuid LET.

## 2.5 An Eoraip Dhomhanda

Lean an Coimisiún de phríomhról a bheith aige i **gcomhar iltaobhach T&N**. In éineacht le hUachtaránacht na Beilge, d'eagraigh sé comhdháil aireachta mar chuid den idirphlé iltaobhach maidir le prionsabail agus luachanna le haghaidh comhar idirnáisiúnta T&N. Ghlac sé páirt sa Ghrúpa um Fhaire na Cruinne, sa Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus san Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais..

Maidir le réigiúin agus tíortha sonracha, is díol suntais roinnt buaicphointí:

- Lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do T&N de chuid **na hÚcráine** trí thionscnaimh thiomnaithe faoin gclár Fís Eorpach. Seoladh cleachtadh Saoráide Tacaíochta Beartais chun bonneagar taighde na hÚcráine a idirnascadh le bonneagar taighde an Aontais. Thairis sin, lean an tAontas de bheith ag tacú le ról T&N in atógáil na tíre.
- Dhearbhaigh an Chomhairle Fuinnimh idir an tAontas agus na **Stáit Aontaithe** ar leibhéal na n-airí go bhfuil sí tiomanta dul i gcomhar maidir le taighde comhleá, samhaltú aeráide agus gabháil, úsáid agus stóráil carbóin. Faoin gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, mar thoradh ar chomhar maidir le leictrea-shoghluaisteacht agus eangacha cliste, rinneadh moltaí comhpháirteacha maidir le taispeántais comhtháthaithe idir feithiclí agus eangacha.
- Chuir **Comhghuaillíocht an Atlantaigh Uile um Thaighde agus Nuálaíocht ar an Aigéan** fáilte roimh an Íoslainn agus an tSeineagáil mar chomhpháirtithe.

## 2.6. Gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha arna gcur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC)

Thacaigh JRC le roinnt tionscnamh trína thaighde, lena n-áirítear:

- an Lárionad Nuálaíochta Eorpach um Chlaochlú Tionsclaíoch agus um Astaíochtaí Tionsclaíocha, lena gcuirtear chun cinn **teicneolaíocht laghdaithe astaíochtaí** sa tionscal;
- an chéad **Atlas Domhanda Triomaigh**, in éineacht leis na Náisiúin Aontaithe;
- cleachtadh ionsamhlúcháin boird maidir le slándáil an tsoláthair, lena mbailíochtófar **ullmhacht soláthair gáis** an Aontais do gheimhreadh 2024-2025 i bhfianaise an deiridh a mheastar a bheidh le hidirthuras gáis na Rúise tríd an Úcráin tar éis 2024;
- modheolaíochtaí a fhorbairt chun **iarmhair antaibheathach** i mbeatha ainmhithe a bhrath, trína ndéanfar rialacháin nua de chuid an Aontais a chumasú agus spriocanna Aon Sláinte Amháin a chur chun cinn in aghaidh frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach.

## 3. An clár Fís Eorpach agus Euratom a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu

### 3.1. Fís Eorpach in 2024 – buaicphointí agus gnéithe nua

Ghlac an Coimisiún leasú ar 'phríomhchlár' oibre an chláir Fís Eorpach 2023-2024. Tugadh isteach pacáiste de ghníomhaíochtaí turgnamhacha chun an clár a dhéanamh níos oscailte agus chun tacú le taighdeoirí luathchéime. Sheol Ceann Scríbe Bauhaus Eorpach Nua (NEB) trí thopaic, mar chéim idirmheánach lena réitítear an bealach i dtreo Shaoráid NEB atá ar na bacáin. Áiríodh glaonna le haghaidh 2025 sa chlár oibre chun leanúnachas gníomhaíochtaí athfhillteacha a áirithiú amhail Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, 'Cur le Chéile ar mhaithe le Barr Feabhais' agus 'Comhaltachtaí LET'.

**Tacaíocht don Úcráin tríd an gclár Fís Eorpach**

In 2024, chuaigh 12 chathair de chuid na hÚcráine isteach i **dtionscnamh SUN4Ukraine** faoi Mhisean an Aontais maidir le Cathracha Aeráidneodracha Cliste. Leis an tionscnamh tacaítear le cathracha na hÚcráine arb é is aidhm dóibh a bheith aeráidneodrach. Leanadh den tacaíocht trí MSCA4Ukraine, agus cuireadh EUR 10 milliún leis le haghaidh comhaltachtaí taighdeoirí easáitithe. Tháinig **Mol RIS Phobal EIT i gCív** chun bheith oibríochtúil go hiomlán in 2024, agus é ag fónamh mar ionad ilfhreastail chun rochtain a fháil ar Phobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) EIT. Bhí an Úcráin rannpháirteach freisin i gcomhar T&N maidir le héiceachórais mhuirí agus éiceachórais abhainnbhunaithe in imchuach na Mara Duibhe, go háirithe tríd an misean 'Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú faoi 2030' agus tríd an gComhpháirtíocht um an nGeilleagar Gorm Inbhuanaithe.

**Comhlachas le Fís Eorpach**

In 2024, shroich líon na dtíortha comhlachaithe 19 dtír, agus **an Ríocht Aontaithe** tagtha chun bheith comhlachaithe go hiomlán (ach amháin Ciste Luasaire CNE) agus **Ceanada** ag teacht isteach le haghaidh cholún II. Tugadh caibidlíocht comhlachais i gcrích le **Poblacht na Cóiré**, agus cuireadh tús le caibidlíocht fhoirmiúil leis **an tSeapáin**. Ghlac an Chomhairle sainordú chun tús a chur leis an gcéad chaibidlíocht fhoirmiúil le **Singeapór**, agus cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis **an Éigipt**. Tugadh an chaibidlíocht leis **an Eilvéis** i gcrích agus tá coinne leis go síneofar an comhaontú in 2025. B'ionann an ranníocaíocht oibríochtúil chomhcheangailte ó thíortha comhlachaithe in 2024 agus EUR 2,8 billiún san iomlán, agus bhí beagnach 10 000 rannpháirtí i gceist.

### 3.2. Sonraí faireacháin an Chláir Fís Eorpach

**Deiseanna maoinithe**

Leis na 656 ghlao ar thograí a seoladh faoi phríomhchlár oibre an chláir Fís Eorpach agus faoi chláir oibre eile suas go dtí 2024, cumhdaíodh 2 534 ábhar taighde san iomlán agus buiséad EUR 59,4 billiún ann.

Ba é b'aidhm do na hábhair bheartaithe tionscadail T&N a mhealladh lena dtabharfaí aghaidh ar thosaíochtaí Choimisiún von der Leyen le haghaidh 2019-2024. San iomlán, bhí 95,5 % de na tionscadail ina rannchuidiú leis na tosaíochtaí sin go dtí seo.

**Tograí tionscadail agus rátaí ratha**

*Foinse: Deais na dTograí maidir leis an gclár Fís Eorpach reoite an 6 Eanáir 2025*

Leanadh de spéis láidir a léiriú sa chlár, agus cuireadh isteach **88 803 thogra incháilithe**[1] le linn na tréimhse 2021-2024. D'fhan an cháilíocht cobhsaí ar an iomlán, agus shroich níos mó ná leath de na tograí incháilithe (54 %) tairseach an scóir meastóireachta íosta.

Faoi mhí Eanáir 2025, coinníodh 14 592 togra le haghaidh cistiú, le haghaidh buiséad measta iomlán de EUR 43 bhilliún. Ba é 16,4 % ráta ratha na dtograí.

Mar gheall ar easpa cistí, áfach, níor sháraigh ach thart ar 30 % de na tograí an tairseach íosta le haghaidh cistiú á maoiniú. Bheadh gá le méid breise de thart ar EUR 81,7 billiún chun na tograí sin uile a cuireadh isteach in 2021-2024 a chistiú.

**Tionscadail a cistíodh**

*Foinse: Deais na dTionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach reoite an 6 Eanáir 2025*

Tar éis na meastóireachta ar na tograí go deireadh 2024, bronnadh **EUR 43,2 billiún** trí **15 148 ndeontas**. Bhí roinnt deontas fós á n-ullmhú ag deireadh 2024.

Is é EUR 2,9 milliún meánmhéid an deontais. Tá an meánchistiú ón Aontas a leithdháiltear ar dheontais aontairbhí (45 % de dheontais) cothrom le thart ar EUR 1,2 milliún agus is ionann é agus thart ar EUR 4,2 milliún le haghaidh deontais iltairbhí (55 % de dheontais). Bíonn 11,5 rannpháirtí ar an meán i gceist leis na cinn dheireanacha sin.

| Cuid den Chlár | Tograí incháilithe | Tograí ar glacadh leo | Ráta ratha na dtograí (% de na tograí incháilithe) | Ranníocaíocht ón Aontas a iarradh i dtograí coinnithe (i milliúin EUR) | Deontais shínithe | Ranníocaíocht ón Aontas i ndeontais shínithe (i milliúin EUR) | Meánmhéid an deontais (i milliúin EUR) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Colún 1 - Eolaíocht den Scoth** | | | | | | | |
| An Chomhairle Eorpach um Thaighde (CET) | 30 413 | 4 404 | 14,5 % | 7 849 | 4 182 | 7 319 | 1,8 |
| Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) | 27 366 | 4 473 | 16,3 % | 2 596 | 4 704 | 2 641 | 0,6 |
| Bonneagair thaighde | 399 | 167 | 41,9 % | 1 181 | 173 | 1 214 | 7 |
| **Colún II - Dúshláin Dhomhanda agus an tIomaíochas Tionsclaíoch Eorpach** | | | | | | | |
| Braisle 1 - Sláinte | 2 502 | 562 | 22,5 % | 4 590 | 565 | 4 312 | 7,6 |
| Braisle 2 - An Cultúr, an Chruthaitheacht | 2 311 | 330 | 14,3 % | 1 135 | 322 | 991 | 3,1 |

[1] Líon na dtograí incháilithe nár cuireadh isteach ach amháin faoi ghlaonna atá dúnta agus a bhfuil meastóireacht iomlán déanta orthu.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| agus an tSochaí Chuimsitheach | | | | | | | |
| Braisle 3 - Slándáil Shibhialta don tSochaí | 1 022 | 136 | 13,3 % | 600 | 145 | 611 | 4,2 |
| Braisle 4 - Cúrsaí Digiteacha, an Tionscal agus an Spás | 5 655 | 1 091 | 19,3 % | 8 083 | 1 094 | 7 439 | 6,8 |
| Braisle 5 - An Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht | 5 291 | 1 091 | 20,6 % | 7 946 | 1 159 | 7 945 | 6,9 |
| Braisle 6 - Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol | 3 408 | 763 | 22,4 % | 4 636 | 720 | 4 190 | 5,8 |
| **Colún III - An Eoraip Nuálach** | | | | | | | |
| An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE)* | 6 289 | 554 | 8,8 % | 1 650 | 1 114 | 2 925 | 2,6 |
| Éiceachórais nuálaíochta na hEorpa | 1 330 | 267 | 20,1 % | 307 | 272 | 297 | 1,1 |
| An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) | 25 | 20 | 80 % | 1 189 | 26 | 1 741 | 66,9 |
| **Rannpháirtíocht a mhéadú agus an Limistéar Eorpach Taighde a neartú** | | | | | | | |
| Rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh | 2 509 | 647 | 25,8 % | 1 464 | 583 | 1 398 | 2,4 |
| Córas Taighde agus Nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú | 283 | 87 | 30,7 % | 197 | 89 | 193 | 2,2 |
| **Iomlán don chlár Fís Eorpach** | **88 803** | **14 592** | **16,4 %** | **43 425** | **15 148** | **43 215** | **2,85** |

*Tábla 1. Tograí agus deontais shínithe in aghaidh an cholúin agus in aghaidh na coda den chlár (Foinse: Deais na dTionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach reoite an 6 Eanáir 2025)*

**Ní áirítear figiúirí le haghaidh Luasaire CNE (tograí).*

## Aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais an Aontais

*Foinse: Ráiteas maidir le Clár Feidhmíochta an chláir Fís Eorpach*

Tá ról suntasach ag T&N chun dlús a chur leis an aistriú glas. Go dtí seo, tá an clár Fís Eorpach ar an mbóthar ceart chun go gcomhlíonfar a sprioc maidir le 35 % den chaiteachas a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, agus léiríonn réamh-mheastacháin an tráth céanna gur leithdháileadh 7,7 % de chaiteachas an chláir le haghaidh 2021-2027 ar an mbithéagsúlacht.

Ina theannta sin, tá 21,2 % den chlár Fís Eorpach ina rannchuidiú leis an gclaochlú digiteach, agus socraíodh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí digiteacha ag EUR 11 657 milliún idir 2021 agus 2024.

In 2024, leithdháileadh thart ar EUR 104 mhilliún freisin ar thionscadail arb é is príomhchuspóir dóibh feabhas a chur ar chomhionannas inscne agus leithdháileadh thart ar EUR 1 391 mhilliún ar thionscadail a bheidh ina rannchuidiú le comhionannas inscne.

## Iarratasóirí agus tairbhithe

*Foinse: Deais na dTionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach reoite an 6 Eanáir 2025*

Tá **28 136 rannpháirtí uathúla** ó **171 thír éagsúla** páirteach sna tionscadail a síníodh sna chéad cheithre bliana den chlár, agus tagann 35,8 % de na rannpháirtithe ó FBManna. Ar an meán, glacann gach rannpháirtí páirt in 3,6 tionscadal. Is rannpháirtithe ó na Ballstáit iad beagnach 82 % de na hiarratais incháilithe uile a chuirtear isteach, agus is ó thíortha a thagann faoin bhfairsingiú 19,8 % díobh.

Léirítear sa tábla athrú ar dháileadh na n-iarratas idir tíortha comhlachaithe agus tíortha neamhchomhlachaithe. Tagann 12,6 % de na hiarratais uile ó thíortha comhlachaithe anois, agus tagann 5,6 % díobh ó thíortha neamhchomhlachaithe. Den chuid is mó, is é is cúis leis an aisiompú sin ó mhí Eanáir 2023 stádas tíre comhlachaithe nua na Ríochta Aontaithe.

| Grúpa tíortha | Iarratais i dtograí incháilithe | % de líon iomlán na n-iarratas | Ráta ratha an iarratais | Rannpháirtíocht i ndeontais shínithe | % de na rannpháirtíochtaí uile | Ranníocaíocht ón Aontas i ndeontais shínithe (i milliúin EUR) | % de ranníocaíocht iomlán an Aontais Eorpaigh i ndeontais shínithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ballstáit | 380 816 | 81,8 % | 20,3 % | 85 351 | 84 % | 39 451 | 91,3 % |
| *Tíortha nach dtagann faoin bhfairsingiú* | 288 513 | 62,0 % | 21,0 % | 67 441 | 66,4 % | 33 498 | 77,5 % |
| *Tíortha a thagann faoin bhfairsingiú* | 92 303 | 19,8 % | 18,0 % | 17 910 | 17,6 % | 5 952 | 13,8 % |
| Tíortha comhlachaithe | 58 817 | 12,6 % | 18,3 % | 10 200 | 10 % | 3 238 | 7,4 % |
| *Tíortha comhlachaithe – gan an Ríocht Aontaithe* | *30 271* | *6,5 %* | *17,8 %* | *5 841* | *5,7 %* | *2 850* | *6,6 %* |
| *Tíortha comhlachaithe – an Ríocht Aontaithe amháin* | *28 546* | *6,1 %* | *18,8 %* | *4 359* | *4,3 %* | *388* | *0,9 %* |
| Tíortha neamhchomhlachaithe | 25 990 | 5,6 % | 21,5 % | 6 045 | 6,0 % | 526 | 1,2 % |
| ***IOMLÁN*** | **465 623** | **21,9%** | **20,1 %** | **101 596** | **100 %** | **43 215** | **100 %** |

*Tábla 2: Tionscnamh na n-iarratasóirí*

Tagann an sciar is airde de na rannpháirtithe ó institiúidí ardoideachais (34 %), a fhaigheann an ranníocaíocht airgeadais is airde (EUR 15 bhilliún). Is eintitis san earnáil phríobháideach agus eagraíochtaí taighde iad 30,7 % agus 21,9 % de na rannpháirtithe faoi seach agus faigheann gach ceann acu ranníocaíocht chomhchosúil (EUR 11,9 billiún).

**Tá méadú ag teacht go leanúnach** ar an líon **rannpháirtithe nua** sa chlár. Is rannpháirtithe nua iad 51,1 % de na rannpháirtithe uile, i gcomparáid le 47 % bliain ó shin. Mar sin féin, tá a ráta rannpháirtíochta (i.e. líon na dtionscadal a ndeachaigh gach rannpháirtí isteach iontu ar an meán) fós íseal i gcomparáid leis na seanfhondúirí (1,25 i gcomparáid le 6). Is ón earnáil phríobháideach den chuid is mó a thagann nuatheachtaithe, go háirithe ó FBManna, agus deonaíodh 11,6 % de chistí uile an chláir Fís Eorpach dóibh go dtí seo.

Ar an iomlán, bronnadh EUR 39,5 billiún nó 91,3 % de na cistí ar na Ballstáit. Bronnadh 13,8 % de na cistí ar thíortha a thagann faoin bhfairsingiú. Bronnadh 7,4 % nó beagán os

cionn EUR 3 bhilliún ar thíortha comhlachaithe agus bronnadh 1,2 % nó EUR 526 mhilliún ar thíortha neamhchomhlachaithe. Na barúlacha a tugadh maidir le rannpháirtíocht, tá feidhm acu freisin maidir le sciar an chistithe. Le comhlachas na Ríochta Aontaithe, tá athrú suntasach tagtha ar dháileadh an chistithe iomláin idir tíortha comhlachaithe agus tíortha neamhchomhlachaithe i gcomparáid le mí Eanáir 2023.

**Príomhchonairí tionchair (PCTanna)**

*Foinse sonraí: Deais PCTanna reoite an 6 Eanáir 2025*

Tugadh isteach príomhchonairí tionchair (PCTanna) sa chlár Fís Eorpach chun tionchar an chláir a rianú trí tháscairí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha. Soláthraítear forbhreathnú sa roinn seo ar tháscairí gearrthéarmacha. Tháinig 6 922 fhoilseachán phiarmheasúnaithe (PCT 1) ón gclár Fís Eorpach. Tuairiscíodh 10 222 fhoilseachán san iomlán, lena n-áirítear ailt nach ndearnadh athbhreithniú piaraí orthu, faoin gclár Fís Eorpach, agus tá níos mó ná 79 % díobh ar fáil i rochtain oscailte trí thairbhithe (PCT 3). Ina theannta sin, dearbhaíodh 124 aschur ceart maoine intleachtúla (PCT 7). Tá uas-sciliú 95 156 thaighdeoir (PCT 2) á éascú leis an gclár Fís Eorpach freisin, agus is mná iad 44,1 % díobh. Thairis sin, tá 39 543 phost cruthaithe agus/nó coinnithe leis an gclár (arna sloinneadh mar choibhéisí lánaimseartha) san Aontas (PCT 8). Tá comhinfheistíochtaí dar luach EUR 10,2 billiún san iomlán slógtha cheana féin ag rannpháirtithe chun tionscadail T&N a chur chun feidhme (PCT 9).

Mar sin féin, ní raibh ach 983 thionscadal (6,5 %) dúnta tráth na hanailíse sin agus ní raibh tuairisciú tréimhsiúil curtha i gcrích ach ag 21 % de na tionscadail, dá bhrí sin, tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar líon na dtorthaí tuairiscithe agus inchainníochtaithe faoi 2025.

**Béim ar chomhpháirtíochtaí Eorpacha**

*Foinse sonraí: Deais na dTionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach reoite an 6 Eanáir 2025*

Ó mhí Eanáir 2025 ar aghaidh, sainaithníodh 50 comhpháirtíocht Eorpach agus fógraíodh 10 gcinn eile sa dara plean straitéiseach 2025-2027, a raibh 3 cinn díobh fós le síniú.

Faoi na **10 gcomhghnóthas ghníomhacha** (comhpháirtíochtaí institiúidithe bunaithe ar Airteagal 187 CFAE), síníodh 530 deontas le haghaidh **EUR 4,8 billiún** san iomlán (nó 11 % de chistí an chláir Fís Eorpach a deonaíodh le linn 2021-2024). Baineann siadsan le 4 281 eagraíocht (atá rannpháirteach in 9 186 thionscadal), ar cuideachtaí príobháideacha iad dhá thrian díobh. Astu sin, is FBManna iad 44 % díobh. Dírítear 81 % de chistí an Aontais chuig gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú aeráide. Thug na tairbhithe EUR 3,86 billiún breise isteach, arb ionann é agus 45 % d’infheistíochtaí iomlána an tionscadail.

Bhí **EUR 4 bhilliún** ón gclár Fís Eorpach ina thacú le 11 **chomhpháirtíocht chomhchláraithe**, agus 589 ndeontas á dtabhairt do 4 753 eagraíocht ar leith, ar FBManna iad an tríú cuid díobh.

A mhéid a bhaineann le **comhpháirtíochtaí comhchistithe**, síníodh comhaontuithe deontais le 14 chuibhreannas de thairbhithe faoi cholún II agus le cuibhreannas amháin faoi cholún III le haghaidh EUR 1,17 billiún san iomlán. Tá coinne leis go ranníocfaidh

comhpháirtithe idir 50 % agus 70 % de na cistí, nó EUR 2,5 billiún breise le haghaidh T&N.


**Béim ar an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)**

In 2024, bhunaigh mic léinn ó chláir EIT 82 ghnólacht nuathionscanta agus d'eascair 112 ghnólacht nuathionscanta as tionscadail nuálaíochta EIT. Ina theannta sin, tríd an Tionscnamh um Thallann sa Teicneolaíocht Dhomhain, gheall 388 gcomhpháirtí oiliúint a chur ar níos mó ná 1 mhilliún duine aonair faoi 2025, agus cuireadh oiliúint ar níos mó ná 900 000 duine faoi 2024. Faoi mhí na Nollag 2024, bhain Acadamh na Comhghuaillíochta Eorpaí Ceallraí arna reáchtáil ag InnoEnergy, ar pobal eolais agus nuálaíochta (PEN) de chuid EIT é, a sprioc amach maidir le hoiliúint a chur ar 100 000 foghlaimeoir faoi 2025[2]. Thairis sin, dheimhnigh an Coimisiún Eorpach PEN nua de chuid EIT atá ar na bacáin maidir le hEarnálacha agus Éiceachórais Uisce, Mhara agus Mhuirí.

**Béim ar mhisin an Aontais**

*Foinse: Deaiseanna na dTograí agus na dTionscadal maidir leis an gclár Fís Eorpach reoite an 6 Eanáir 2025*

Faoi dheireadh 2024, seoladh, dúnadh agus rinneadh meastóireacht ar 54 ghlao ar mhisin de chuid Fís Eorpach. Leo sin, mealladh 862 thogra incháilithe. Síníodh 236 dheontas den chlár Fís Eorpach a bhfuil 3 302 thairbhí páirteach iontu le haghaidh EUR 1 842 mhilliún san iomlán, agus roinneadh an cistiú mar a leanas ar fud na 5 mhisean:




Ar phríomhéachtaí na misean in 2024 tá an méid seo a leanas:

- D'óstáil an misean '**Ailse**' comhdháil ardleibhéil maidir le cúram maolaitheach

[2] Figiúirí spriocdhírithe amháin. Beidh na torthaí fíoraithe ar fáil níos déanaí in 2025.

nuálach, inar cuireadh i láthair forbairtí beartais agus réitigh ó thionscadail arna gcistiú ag an Aontas, agus d'eisigh sé achoimre bheartais inar leagadh amach na dúshláin a bheidh ann amach anseo. Ina theannta sin, d'fhreastail seó bóthair a reáchtáladh sa Pholainn, sa Liotuáin agus sa Rómáin ar bheagnach 11 mhilliún duine, agus ardaíodh feasacht leis ar chosc agus scagthástáil ailse.

- Leanann an misean '**Oiriúnú don Athrú Aeráide'** de bheith ina thacú le 145 réigiún chun measúnú a dhéanamh ar a riosca aeráide, conairí a fhorbairt i dtreo athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide nó pleananna oiriúnaithe a fhorbairt.
- Leis an misean **'Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athbhunú faoi 2030'** soláthraíodh cistiú breise EUR 127 milliún chun tacú le pobail áitiúla agus chun an *European Digital Twin of the Ocean* a fhorbairt a thuilleadh. Soláthraíodh an chéad fhréamhshamhail ag Fóram Digiteach na nAigéan i mí an Mheithimh.
- Leis an misean '**100 Cathair Aeráidneodracha agus Chliste faoi 2030**' bronnadh an Lipéad Misin ar 43 chathair bhreise in 2024. Sheol **an Banc Eorpach Infheistíochta imchlúdach iasachtaithe EUR 2 bhilliún** chun tacú le cathracha leis an Lipéad Misin infheistíochtaí glasa agus inbhuanaithe a phleanáil.
- Leis an misean **'Comhaontú Ithreach don Eoraip'**, cuireadh ar bun na chéad 25 shaotharlann bheo, lena gcuimsítear thart ar 250 suíomh tástála ina raibh 167 gcomhpháirtí (25 % ón earnáil phríobháideach) in 11 Bhallstát.

## 3.3. Grinnanailís: Splancanna faireacháin an chláir Fís Eorpach agus staidéir eile

Foilsíodh roinnt tuarascálacha in 2024, lena n--áirítear:

- splanc faireacháin maidir le rannchuidiú an chláir réime le réimse na hidrigine ó bhí 2007 ann;
- splanc faireacháin lena ndéantar achoimre ar fhíorais agus sonraí príomha maidir le rannpháirtíocht FBManna sa chlár Fís Eorpach;
- splanc faireacháin maidir le rannpháirtíocht tíortha sa chlár Fís Eorpach.

**Meastóireacht mheántéarma an chláir Fís Eorpach**

Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa saineolaithe maidir leis an meastóireacht eatramhach ar an gclár Fís Eorpach, '*Align, act, accelerate* [Ailínigh, gníomhaigh, luasghéaraigh]'. Thug na saineolaithe moltaí chun an clár a dhéanamh níos éifeachtaí maidir le T&N a ailíniú le spriocanna straitéiseacha na hEorpa. Thairis sin, d'eisigh an Coimisiún roinnt meastóireachtaí agus tuarascálacha a bhí dírithe ar réimsí tionchair sonracha a bhaineann leis an gclár Fís Eorpach agus lena réamhtheachtaí (an t-aistriú glas, an Eoraip athléimneach, an Eoraip nuálach).

## 3.4. Scaipeadh agus saothrú

Tugadh tacaíocht cheana do níos mó ná 5 000 tairbhí a bhuí le hArdán Thorthaí an chláir

Fís Eorpach agus le Treiseoirí an chláir Fís Eorpach. Sholáthair an Coimisiún Pacáistí Torthaí Cordis agus Treiseoirí maidir leis an méid seo a leanas:

- Barúlacha comhshaoil maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip
- Carbón gorm don bhithéagsúlacht agus don ghníomhú ar son na haeráide
- Tuiscint a fháil ar thionchair an athraithe aeráide ar réigiúin pholacha leochaileacha an domhain
- Cúiseanna chailliúint na bithéagsúlachta muirí a laghdú agus a chosc
- Dul i ngleic leis an mbruscar muirí ón bhfoinse go dtí an fharraige
- Nuálaíocht algaí
- Tumadóireacht níos doimhne: eolas faoin aigéan agus a bhainistíocht inbhuanaithe a chur chun cinn

Ar na samplaí d'fhoilseacháin agus de theagmhais for-rochtana shuntasacha eile tá an méid seo a leanas:

- Barúlacha comhshaoil agus an intleacht shaorga ar mhaithe leis an eolaíocht agus leis an tsochaí
- *Mapping ERC Frontier Research – Artificial Intelligence* [Mapáil a dhéanamh ar Thaighde ar Thús Cadhnaíochta CET – an Intleacht Shaorga]
- An Bhithéagsúlacht: cur chuige an chumarphointe
- Tionscadail arna gcistiú ag an Aontas atá ar thús cadhnaíochta i dtreo athrú claochlaitheach ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht
- Taighde ar thús cadhnaíochta ar mhaithe le hathrú claochlaitheach
- Léargais ó údair an 6ú tuarascáil mheasúnaithe ó IPCC maidir le bearnaí eolais agus tosaíochtaí don taighde
- Taighde ar thús cadhnaíochta ar son an daonlathais
- Feachtas múscailte feasachta maidir le luachshocrú eolais
- T&N ar mhaithe le haistriú glas cóir
- T&N ar mhaithe le haistriú digiteach cóir

## 3.5. Clár Euratom a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air

### a) Gníomhaíochtaí díreacha núicléacha arna gcur chun feidhme ag JRC

In 2024 d'fhoilsigh JRC **90 alt piarmheasúnaithe** maidir le hábhair éagsúla a bhaineann le taighde núicléach. Tháirg sé **10 n-ábhar tagartha**, arna n-ionchorprú i leabharlanna

núicléacha, 10 gcóras theicniúla le haghaidh coimircí núicléacha, agus trí ábhar le haghaidh **caighdeáin idirnáisiúnta**. Sholáthair sé 37 **gcúrsa oiliúna** speisialaithe do níos mó ná 900 tairbhí ón Aontas, ón Úcráin agus ó thíortha eile. Cuireadh oiliúint ar níos mó ná 350 cigire agus oifigeach coimircí núicléacha trí Ionad Oiliúna na hEorpa um Shlándáil Núicléach (EUSECTRA). Bhain 59 dtaighdeoir de chuid an Aontais agus na hÚcráine san iomlán úsáid as saoráidí taighde núicléach JRC.

Mar chomhlacht cur chun feidhme Euratom d'Fhóram Idirnáisiúnta Ghlúin IV, d'óstáil JRC príomhchruinnithe agus rinne sé taighde ar chórais Ghlúin IV.

Thacaigh JRC le freagairt an Choimisiúin ar chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise in aghaidh **na hÚcráine** trí shaineolas teicniúil a sholáthar le haghaidh pacáistí smachtbhannaí agus tagarmharcáil a dhéanamh maidir le scaipeadh raideolaíoch le húdaráis Eorpacha cosanta ar radaíocht.

### b) Gníomhaíochtaí indíreacha Chlár Taighde & Oiliúna Euratom (deontais)

In 2024, thionscain an Coimisiún 21 tionscadal taighde núicléach, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí maidir le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus ábhair núicléacha, arna gcistiú le EUR 121 mhilliún ó chlár Euratom. Leithdháileadh beagnach EUR 48 milliún ar shábháilteacht gléasraí cumhachta núicléiche, agus le EUR 11 mhilliún tacaíodh le feidhmeanna radaíochta ianúcháin.

Tar éis leasú a dhéanamh ar chlár oibre Euratom, sheol an Coimisiún dhá thionscnamh nua: comhpháirtíocht fuinnimh comhleá phoiblí-phríobháideach a bheidh ann amach anseo agus tionscnamh Eorpach um scileanna núicléacha. Foilsíodh an mheastóireacht *ex post* ar Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom 2014-2020.

Thairis sin, sheol an Coimisiún an dara tionscadal chun slándáil an tsoláthair breosla núicléach a neartú le haghaidh gléasraí cumhachta núicléiche san Eoraip agus san Úcráin, ar gléasraí iad a dheartar sa Rúis.

Ar deireadh, bhunaigh an Coimisiún an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch Eorpach um Imoibreoirí Modúlacha Beaga, arb é is aidhm di an chéad imoibreoir modúlach beag de chuid an Aontais a chur in úsáid. Bhí gníomhaíochtaí díreacha agus indíreacha maidir le dearadh sábháilte, slándáil, coimircí, tógáil agus oibriú imoibreoirí modúlacha beaga mar bhonn taca faoi sin.

## 4. DEARCADH 2025

In 2025, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún 'príomhchláir' oibre an chláir Fís Eorpach a ghlacadh le haghaidh 2025 agus le haghaidh 2026-2027. Beidh an dá chlár oibre ina rannchuidiú le príomh-threoshuíomhanna straitéiseacha an dara plean straitéiseach don chlár Fís Eorpach le haghaidh 2025-2027 chomh maith le tosaíochtaí polaitiúla uileghabhálacha an Choimisiúin le haghaidh 2024-2029. Beidh na cláir oibre ina rannchuidiú freisin le hiarrachtaí an Choimisiúin maidir le simpliú, go háirithe an clár a dhéanamh níos inrochtana d'iarratasóirí agus tuairisciú a shimpliú le haghaidh tairbhithe.

Thairis sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile a mholadh, lena n-ionchorprófar léargais ó chomhairliúchán poiblí leathan chun cistiú

T&N a ailíniú le tosaíochtaí cistiúcháin amach anseo. Le tionscnaimh in 2025, amhail an Compás Iomaíochais agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, chomh maith leis an Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag méadú atá ar na bacáin, áiritheofar go bhfanfaidh an tAontas ar thús cadhnaíochta in T&N. Beidh na tionscnaimh sin ina gcuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo agus le deiseanna a ghiaráil le haghaidh fás inbhuanaithe.